RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1343 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Lúnasa 2021

lena bhformheastar leasú ar na sonraíochtaí a bhaineann le tásc geografach na dí biotáillí cláraithe

(Újfehértói meggypálinka)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáille, úsáid ainmneacha deochanna biotáille i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáille, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 21 i gcomhar le hAirteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), scrúdaigh an Coimisiún iarratas na hUngáire an 18 Aibreán 2017 maidir le formheas ar leasú ar an gcomhad teicniúil a mhéid a bhaineann leis an tásc geografach "Újfehértói meggypálinka" atá faoi chosaint ag Rialachán (CE) Uimh. 110/2008.

(2) Rialachán (AE) 2019/787 a thagann in ionad Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, tháinig sé i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2019. I gcomhréir le hAirteagal 49(1) den Rialachán sin, déantar Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, maidir le tásca geografacha, a aisghairm le héifeacht ón 8 Meitheamh 2019. Faoi Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2019/787, ba cheart na comhaid theicniúla arna gcur isteach roimh an 8 Meitheamh 2019 mar chuid d'aon iarratas faoi Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 a mheas mar shonraíochtaí táirgí.

(3) Ar chinneadh don Choimisiún go bhfuil an t-iarratas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 17(6) den Rialachán sin, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 50(4) de Rialachán (AE) 2019/787.

(4) Ós rud é cuireadh isteach aon fhógra freasúra chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2019/787, ba cheart na leasuithe ar na sonraíochtaí a fhormheas de bhua Airteagal 30(2) den Rialachán sin is infheidhme *mutatis mutandis* a mhéid a bhaineann le leasuithe ar na sonraíochtaí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá na leasuithe ar na sonraíochtaí a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Újfehértói meggypálinka" formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

([3]) IO C 147, 26.4.2021, lch. 7.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún